# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2014

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Iodáilis

# Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA

# 2014

# IODÁILIS

# ARDLEIBHÉAL

**Agus an scéim mharcála á léamh is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:**

- Maidir le gach roinn den scrúdú níor chóir a mheas nach féidir glacadh le haon fhreagra ach amháin na freagraí a thugtar ar an scéim mharcála. Is féidir glacadh le nathanna cainte, frásaí agus focail a bhfuil a gciall cosúil leo siúd atá ar an scéim mharcála fhoilsithe chomh maith.

- Léiríonn **tulslais** / roimh fhreagra go bhfuil an freagra comhchiallach leis an gceann a tháinig roimhe nó gur freagra malartach é. Ní féidir glacadh le freagraí le tulslais eatarthu mar fhreagraí éagsúla mar sin.

- Léiríonn **lúibíní cruinne** ( ) ábhar nach meastar a bheith riachtanach chun na marcanna iomlána a ghnóthú.

**Ceisteanna ilroghnacha**

- Sa chás go bhfuil ciorcal thart ar dhá fhreagra agus nach bhfuil siad curtha ar ceal, ní bhronntar marcanna ar bith

- Sa chás go bhfuil ciorcal thart ar dhá fhreagra agus gur cuireadh ceist amháin ar ceal, glactar leis an bhfreagra nár cuireadh ar ceal agus marcáiltear é de réir na scéime marcála

- Sa chás nach bhfuil ach ciorcal thart ar fhreagra amháin agus gur cuireadh ar ceal é, glactar leis an bhfreagra seo agus marcáiltear é de réir na scéime marcála

| | |
|---|---|
| **AN TRIAIL CHLUASTUISCEANA** | **80 marc** |
| **LÉAMHTHUISCINT** | **120 marc** |
| **SCRÍOBH** | **100 marc** |

**Marcanna Iomlána: 300**

| GRÁID | |
|---|---|
| **A** | **255 -300** |
| **B** | **210 – 254** |
| **C** | **165 – 209** |
| **D** | **120 – 164** |
| **E** | **75 – 119** |
| **F** | **30 – 74** |
| **NG** | **0 - 29** |

**AN TRIAIL CHLUASTUISCEANA** **80 MARC**

**(16+16+16+32)**

**Roinn A** **16(8x2)**

**1.**

(a) Foláirimh téacs faoi imeachtaí maratóin
**(b) Leideanna traenála agus comhaireamh síos go dtí an dáta**
(c) Eolas faoi na háiteanna leis na héadaí spóirt is fearr le ceannach
(d) Eolas faoi na roghanna taistil go Pisa.

**2.**

(a) Bhí crith talún ann
**(b) Bhí tine ann**
(c) Bhí tuilte ann
(d) Bhí sceitheadh gáis ann

**3.**

**(a) Sult a bhaint as an tsiamsaíocht saor in aisce**
(b) Bia agus deoch a fháil saor in aisce
(c) Eolas taistil faoin Afraic Thuaidh a fháil
(d) Ceachtanna cócaireachta a fháil

**4.**

(a) An ciapadh san ionad oibre
(b) Caidreamh maith san ionad oibre
**(c) Timpeallacht thorannach san ionad oibre**
(d) Éifeachtúlacht

**5.**

**(a) Ardú teochta**
(b) Laghdú teochta
(c) Báisteach
(d) Stoirmeacha

**6.**

(a) Gheobhaidh tú cóip saor in aisce den iris *Celluloide*
(b) Gheobhaidh tú DVD saor in aisce
(c) Feicfidh tú clár faisnéise faoi Sorrento
**(d) Casfaidh tú le stiúrthóir an scannáin**

**7.**

(a) An Bhulaíocht
(b) Sábháilteacht ar na bóithre
**(c) Peataí a thréigean**
(d) Fostú páistí

**8.**

**(a) In ann tionscadal faoi shábháil fuinnimh a chur le chéile**
(b) In ann alt bunúil a scríobh faoin timpeallacht
(c) Ina (h)ealaíontóir tallannach
(d) In ann straitéis mhargaíochta nua a fhorbairt

## Roinn B

**Comhrá 1 Comhrá idir Elena agus Marisa** **16 marks**

**1.**
(i) Chun an conradh le haghaidh an árasáin a shíniú / Tá sí ag dul a chónaí in Torino **2 mharc**
(ii) Chun ranganna a thosú (Dé Céadaoin) ar an ollscoil / Freastalóidh sí ar Ollscoil **2 mharc**

**2.** Tosaíonn sí ag obair go luath agus níl aon bhusanna ann roimh 6.30 **4 mharc(2+2)**

Beidh sí ag obair san Ospidéal (*1 mharc*)

**3.** Tá a buachaill ina chónaí ina baile dúchais. **4 mharc (2+2)**
Oibríonn sí mar threoraí (Alpach) (ag an deireadh seachtaine)
Oibríonn sí (*1 mharc* )

**4.** Beidh uirthi dul a chodladh le linn an lae corruair tar éis di oibriú san oíche san ospidéal
**4 mharc(3+1)**

**Comhrá 2 Comhrá idir Lidia agus Paola** **16 mharc**

**1.** Theip uirthi ina triail tiomána den dara huair **4 mharc (3+1)**
Theip uirthi ina triail / ní bhfuair sí a ceadúnas ( *2 mharc* )

**2.** ***Dhá cheann*** *díobh seo* **4 mharc (2 +2)**

Thosaigh sí ag staidéar di 9 mí ó shín
Rinne sí an triail tar éis 3 mhí
Bhí sí gairid
Ní raibh na ceisteanna / an triail doiligh / bhí siad furasta / bhí sí furasta
D'éirigh léi inti gan aon deacracht
D'éirigh léi inti (*1 mharc)*

**3.** ***Dhá cheann*** *díobh seo* **6 mharc (3 +3)**

Bhí argóint acu
Scríob sí a carr / rinne sí damáiste dá carr
Goideadh carr a deirféar ina dhiaidh sin

**4.** Dúirt sí ag agallamh le haghaidh poist go raibh sé aici **2 mharc**

Bhí agallamh le haghaidh poist aici (*1 mharc*)

**Comhrá 3** **Agallamh le Simone Verdi** **32 marks**

1. ***Dhá cheann*** *díobh seo* **4 mharc (3+1)**

   Gan bua an cheoil
   Ba bhreá lena thuismitheoirí a bheith ag léamh
   Bhí an-spéis acu sna leabhair
   Teilifís agus raidió múchta (beagnach) i gcónaí

2. Mhéadaigh an taitneamh a bhain sé as an nuacheol / Thaitin an nuacheol leis níos mó.

   **2 mharc**

3. Bhí ganntanas mór airgid acu chun trealamh ceoil a cheannach **4mharc(2+2)**
   Bhí na comharsana ag gearán mar gheall ar an torann
   Sheinn siad sa gharáiste

4. ***Dhá cheann*** *díobh seo* **4 mharc(2 +2)**

   Ní raibh an t-am acu
   Chuaigh siad ar an gcoláiste
   Phós siad
   Bhí leanbh acu
   Thosaigh siad ag obair i bpost

5. (a) I dtithe tábhairne beaga sa lárionad **4 mharc (1+1+2)**
   a dtéadh an t-aos óg chucu

   (b) B'fhéidir go n-éireodh sé as a chuid staidéir **4 mharc (2+2)**
   Ní bhfaigheadh sé post seasta

6. Fuair siad stiúideo taifeadta ar cíos **4 mharc (2+2)**
   Thaifead siad a n-albam

7. ***Dhá cheann*** *díobh seo* **3 mharc**

   Chuala sé iad ag féile cheoil na Meánmhara *(2 mharc)*
   Rinne sé a n-albam/a CD/iad <u>a chur chun cinn</u> *(1 mharc)* ar a chlár raidió *(1 mharc)*
   Chuir sé faoi agallamh iad *(1 mharc)*

8. ***Dhá cheann*** *díobh seo* **3 mharc (2+ 1 mharc)**

   Ceol traidisiúnta
   Rac-cheol
   Amhráin ó na 60aidí

**ROINN A LÉAMHTHUISCINT**

**Sliocht Iriseoireachta** **(60 marc)**

*Teastaíonn fianaise gur thuig na hiarrthóirí an téacs. Nuair nach mbíonn ionramháil riachtanach, is féidir ábhar a chóipeáil go díreach ón téacs. Má bhíonn ionramháil riachtanach agus nuair nach ndéantar é sin, gearrfar pionós ar na hiarrthóirí (- 1).*
*D'fhéadfaí pionós a ghearradh ar iarrthóirí as ábhar breise agus as ábhar iomarcach.*
*Sa chás go gcuireann iarrthóirí an freagra ceart céanna ar fáil ar dhá cheist ar leith sna léamhthuiscintí i Roinn A agus i Roinn B, ní bhronnfar na marcanna iomlána ach uair amháin.*

Sliocht Iriseoireachta **Volontariato a ore: Il mio tempo per te!** **(60 marc)**

1. (a) Perché su Internet ci sono (elencati) i progetti a cui si può partecipare **6 mharc (3+3)**
Tramite Internet si invia la richiesta di partecipazione
Perché pochi click sono sufficienti a cambiare la vita degli altri

Per connettersi al sito (si ha bi
sogno di internet) *2 mharc*
Perché si può trovare solo su Internet *2 mharc*

(b) **Dhá** cheann ar bith díobh seo:
<u>Avere</u> un collegamento a Internet/ **6 mharc (3+3)**
puoi trovare solo su internet e i social network/
Ci si connette al sito/
è sufficiente avere un computer
Perché pochi click sono sufficienti a cambiare la vita degli altri
Si invia la richiesta di adesione
Stiamo parlando di volontariato 2.0

**2**. (a) si può fare volontariato anche solo quando si ha del tempo libero **6 mharc (3+3)**
Ti lascia libero di scegliere <u>orari/ categorie/ e attività da svolgere</u>
Non crea vincoli non ci sono obblighi
Non si è obbligati a farlo per un periodo specifico

(b) ore – categorie- mansioni- occasioni **3 mharc (1+1+1)**

**3** (a) **come:** leggendo un articolo su Romaltruista **4 mharc**
leggendo su Romaltruista/ha scoperto Romaltruista ( *2marks)*
leggendo un articolo (*1 mark*)

**perché:** (i)era semplice (ii) non richiedeva impegno (iii) era molto utile **3 mharc (1+1+1)**

(b) perché partendo da lei / Francesca tutti si sono ritrovati coinvolti in questa attività/ è riuscita a fare una grandissima raccolta **4 mharc**

4. (a) Marcello distribuisce cibo ai senza tetto **4 mharc**

(b) Marcello crede che tutte le persone abbiano un valore aiutare gli altri/fare stare bene gli altri, ascoltarli arricchisce/rende migliore chi lo fa **4 mharc**

**5.** Tá **ceithre** phointe riachtanach **20 marc (5+5+5+5)**

Ba cheart ceann ar bith de na pointí seo a leanas a bhreithniú.

- Tá sé bunaithe go hiomlán ar an Idirlíon
- Ná gá duit tiomnú do thréimhse shonrach ama amháin / Is féidir leat é a dhéanamh nuair nach mbíonn tú ag obair / nuair a bhíonn tú ar fáil / saor
- Is féidir leat na tionscadail ar an bhféilire gníomhaíochtaí a sheiceáil ar líne
- Is féidir leat an ghníomhaíocht a oireann duit a roghnú
- Is féidir leat é a dhéanamh de réir na huaire
- Ní gá duit tiomnú do thionscadal ar leith

***Páirtfhreagra 3 mharc***

## ROINN B (60 marc)

**B1.Sliocht Liteartha (Neamhfheicthe)**

***Bianca come il latte, rossa come il sangue (Alessandro D'Avenia)***

1. (a) Si aspettavano una donna invece entra un ragazzo giovane **6 mharc(3+3)**

(b) Perché ama quello che studia **8 marc (4+4)**
Perché è uno che crede in quello che fa
È uno preciso

2 (a) "Mi sento un re che tocca il cielo con un dito" **4 mharc**

(b) ***Sé cinn*** *díobh seo:* **6 mharc (1+1+1+1+1+1)**
supplente, libri, borsa, studia, professore, alunno, interrogazioni, compiti, programma, lavagna.

3. (a) Anche lui quando aveva la <u>sua</u> età si è rotto/spaccato il braccio/ **4 mharc**
Ha una vita come la <u>sua</u> / "Ha una vita come la mia"

Ha una vita come la mia (*3 marks)*

(b) (iii) un atteggiamento di rispetto **3 mharc**

4. (a) Secondo il Sognatore i sogni diventano progetti solo quando si attraversano/ superano difficoltà . Senza difficoltà/ostacoli il sogno non si realizza, non si trasforma in progetto.

**5 mharc**

(b) Il Sognatore ride perché sa che il protagonista lo chiama "il Sognatore" **4 mharc**
Ride perché lo chiama Sognatore *3 mharc*

5. Tá **ceithre** phointe riachtanach **20 marc (5+5+5+5)**

- Ní maith leis é ag an tús (3m) mar: tá cuma ródháiríre air / cuireann sé cuma an-dáiríre air féin (*giacca, occhiali, borsa piena di libri*) / tá an chuma air go bhfuil sé an-cheart / tá muinín aige as a ndéanann sé / creideann sé ina ndéanann sé / níl a ainm ar eolas ag an bpríomhcharachtar (2m)

- Tá an-iontas agus an-áthas ar an bpríomhcharachtar go dtagann an Sognatore chuig an ospidéal le cuairt a thabhairt air (3+2)
*(ní mór an dá mhothúchán a chur in iúl leis na marcanna iomlána a ghnóthú)*

- Feiceann sé gur "gnáthdhuine" é an Sognatore / nach bhfuil siad an-difriúil le chéile (3 m) mar go bhfuil siad ar a socracht i gcuideachta a chéile / labhraíonn siad faoi ghnáthchúrsaí an tsaoil / tá cosúlachtaí eatarthu (gortuithe coilm) (2m)

- D'athraigh sé a thuairim go hiomlán ó naimhdeas a bheith aige dó go meas a bheith aige air mar is eol dó anois nach gá do dhuine a bheith gránna chun a bheith ina phearsa údaráis. *"Chi l'ha detto che per avere autorità bisogna essere antipatici?"/* Is maith leis é mar nach miste leis é fiú nuair a thugtar leasainm air, tá sé réchúiseach.

## B2. Sliocht Liteartha as Úrscéal Dualgais.

### A. *Il giorno della civetta.*

**1**(a) **dhá** cheann ar bith díobh seo **6 mharc** (3+3)

- Perché è appena uscito dal carcere
- Perché vuole godersi la libertá
- Perché non si sente/ non se la sentiva

(b) ***Ceann amháin*** *díobh seo* **4 mharc**

Perché si trova in condizioni di bisogno

Perché ha bisogno di soldi

Perché gli promette un lavoro da campiere

Perché gli propone un acconto di 300mila lire

**2**(a) va a Palermo **3 mharc**

(b) Pizzuco lo avrebbe prelevato/ sarebbe andato a prenderlo dalla sua casa di campagna e in macchina lo avrebbe portato a B **6 mharc(3+3)**

**3.** (a) Marchica, alcuni giorni prima del delitto, si recò a S. per familiarizzare con i luoghi in cui avrebbe dovuto agire e per potere identificare bene Colasberna. **5 mharc**

(b) (i) che qualcosa era andato storto **5 mharc**

**4**. (a) **6 mharc (2+2+2)**

- Si agita
- Bestemmia
- Si calma

(b) ***Ceann amháin*** *díobh seo* **5 mharc**

**-** Riguardo al Nicolosi non avrebbe dovuto nutrire preoccupazione alcuna
- Nicolosi era buono solo a far trovare i pupi di zucchero ai bambini
- Paolo Nicolosi era stato soppresso

**5.** **20 marc (5+5+5+5)**

Caithfidh an t-iarrthóir tagairt a dhéanamh don sliocht agus don úrscéal ina iomláine **araon**.

***Ceithre cinn*** *díobh seo a leanas as an sliocht agus as an úrscéal:*

- Rinne Pizzuco teagmháil le Marchica chun Coslasberna a mharú
- Níl sé ach tar éis an príosún a fhágáil agus is mian leis saol ciúin a bheith aige
- Tá airgead/post uaidh – tá rud éigin uaidh a chothóidh é
- Tá sé an-ghairmiúil sa chur chuige a ghlacann sé
- Tuigeann sé a thábhachtaí / a shuntasaí atá sé bualadh le Nicolosi in Via Cavour

- Tugtar “Zicchinetta”* air mar go n-imríonn sé cártaí
- Rinne sé roinnt mhaith coireanna san am atá thart
- Feallmharfóir fruilithe ar a raibh meas a bhí ann

*** Is gá tagairt a bheith ann don leasainm “Zicchinetta”**

(Teastaíonn sampla **amháin** ar a laghad ón úrscéal)

**B.** ***Marcovaldo (Italo Calvino)***

1. (a) (ii) sparizione **4 mharc**

(b) **Chi**: il collega di Marcovaldo **8 marc (4+4)**

**Quando:** quando era in ferie/ quando era in vacanza/ quando era in montagna/ quando era in villeggiatura

**2.** (a) ***Sé cinn*** *díobh seo* **6 mharc(1+1+1+1+1+1)**

Mandria, montagna (passo di montagna), abete, foglia d' erba, prato, valle, fruscio d' acque, fronde d'aceri, castagni, ronzare di api/api, more di siepe, selciato, mucca, conchiglia, al fresco, latte, miele, mulo, bestia.

(b) Non si dava pace **4 mharc**

**3**. (a) Era tornata la mandria / era tornato Michelino **4 mharc**

Sentono la mandria passare (*2 mharc)*

(b) ***Ceann amháin díobh seo*** **4 mharc**

Perché era stanchissimo

Perché aveva lavorato come un mulo

Perché aveva sonno

**4.** (a) ***Ceann amháin díobh seo*** **4 mharc**

perché non avev**a** mai tempo

perché c’era sempre qualcosa da fare

(b) perché lo hanno pagato poco / una miseria **6 mharc**

perché non aveva il contratto di lavoro *(3 mharc)*

**5.** **20 marc (5+5+5+5)**

- Tá Marcovaldo in éad lena mhac / ba mhaith leis a bheith san áit chéanna ina bhfuil a mhac, atá ag teagmháil leis an dúlra a fhad is atá seisean ag fulaingt leis an teas sa chathair
- Tá imní ar an teaghlach ar fad mar go raibh Michelino ar iarraidh agus bhí siad go léir ag fanacht lena theacht ar ais
- Tá áthas ar an teaghlach ar fad nuair a fheiceann siad Michelino agus é ar ais, agus téann siad amach sa tsráid i lár na hoíche chun fáilte a chur roimhe
- Tá bean chéile Marcovaldo trína chéile go háirithe agus tá imní uirthi mar go bhfuil Michelino ar shiúl, cronaíonn sí go mór é
- Níl Michelino an-ríméadach faoina eispéireas ag obair ar an bhfeirm mar nár íocadh go maith é
- Faigheann Michelino amach go bhfuil dianobair i gceist le bheith i dteagmháil leis an dúlra agus nach bhfuil sí chomh taitneamhach is a cheap sé / is a thug a athair le fios dó.
- Ós rud é go bhfuil teaghlach Marcovaldo ag streachailt ó thaobh airgid de, is cineál faoisimh dóibh é nuair atá sé ar shiúl ón teach go sealadach mar go bhfuil duine amháin níos lú ann ar gá soláthar a dhéanamh dó.

Ón téacs

- Ní chomhlíontar ionchais teaghlaigh Marcovaldo mar nach bhfuil sa dúlra ach dianobair;
- Is léir go bhfuil siad ag streachailt (samplaí: cíos dlite thar téarma / codlaíonn siad san aon seomra amháin / níl siad in ann siopadóireacht a dhéanamh san ollmhargadh, etc.)
- Tá sé ag tarraingt a theaghlaigh isteach ina thionscadal agus ina chuid éachtaí (samplaí: scéalta a insint, na foichí a ghabháil, etc.)

Caithfidh an t-iarrthóir tagairt a dhéanamh don sliocht agus don téacs ina iomláine **araon**.

## B 3 Aiste ar théacs dualgais

***Úsáid na tuairiscíní in Aguisín 1***

- Tá sé tábhachtach go dtagraítear don téacs
- Marcanna le bronnadh ar iarrthóirí a bhfuil eolas acu ar an téacs
- Is é an caighdeán SEACHAS an chainníocht atá tábhachtach
- Is leor **trí** phointe ábhartha, ar a ndéantar scagadh maith agus a dtacaíonn an téacs leo.

**Teastaíonn réamhrá agus conclúid ghearr.**

**A *Il giorno della civetta*.**

**1 Éiríonn le** himscrúdú an Chaptaein Bellodi mar thoradh ar na nithe seo a leanas:

- Díríonn sé láithreach ar an bhfíorchúis le dúnmharú Colasberna. Baineann sé sin le dúnmharú Nicolosi freisin.
- Ní chuireann sé aon am amú mar go dtreoraíonn sé an t-imscrúdú ar an mbealach ceart ón tús trí na deartháireacha i gclann Colasberna a chur faoi agallamh.
- Agus úsáid á baint aige as a stíl shuaimhneach dhiongbháilte, éiríonn leis áitiú ar Dibella faisnéis ríthábhachtach a chur ar fáil, faisnéis atá riachtanach chun dul chun cinn a dhéanamh san imscrúdú.
- Tagann sé níos cóngaraí don fhírinne leis an "gcleas admhála" máistriúil a imríonn sé ar Pizzuco agus ar Marchica.
- Cruthúnas breise ar a rathúla atá sé mar imscrúdaitheoir is ea a "chomhrá" le Arena fiú.
- Cruthúnas go bhfuil an t-imscrúdú ag dul sa treo ceart is ea an imní an-mhór atá ar an "bpolaiteoir gan ainm" a chosnaíonn na baill den Mhaifia agus a n-éiríonn leis é a chur as a phost sa deireadh.
- Ní cruthúnas gur theip air mar imscrúdaitheoir é deireadh an úrscéil nuair a chuirtear as a phost sa tSicil é agus nuair a éigiontaítear na daoine sin arbh eol dó iad a bheith ciontach; ina ionad sin, tá sé ina dhrochléargas ar an gclaonpháirteachas idir an pholaitíocht agus an Maifia sa saol sa tSicil.

**Ní éiríonn le** himscrúdú an Chaptaein Bellodi mar:

- níl an coirpeach i bpríosún
- tugadh saoire bhreoiteachta dó agus tháinig captaen eile isteach ina áit
- níor tháinig an fhírinne faoi dhúchas éillitheach an mhaifia, faoi omertà, faoin éilliú sa pholaitíocht aníos in am ar bith
- Ní éiríonn le hiarrachtaí an Chaptaein Bellodi ar deireadh toisc nach féidir leis an gceart a bheith i réim sna cúinsí sin
- Cuireann omertà bac leis an imscrúdú

*N.B.* ***Ní mór*** *a lua go n-éiríonn le himscrúdú an Chaptaein Bellodi agus nach n-éiríonn leis chun an cheist a fhreagairt go hiomlán (sampla:* ***2 phointe a léiríonn an fáth a n-éiríonn leis agus 1 phointe a léiríonn an fáth nach n-éiríonn leis*** nó a mhalairt)

**2.** Tír na dtrasnálacha is ea an tSicil: (trí phointe le forbairt)

***Tábhacht agus brí an teidil – paradacsa***

- Tír lán de pharadacsaí ina bhfuil córas bunoscionn is ea an tSicil
- Ní dhéantar an ceart
- Tagann an t-ulchabhán amach le linn an lae (tá radharc maith ag an ulchabhán sa dorchadas)
- Is é is an t-ulchabhán ann ná íomhá den bhás agus meafar a sheasann don Mhaifia
- LÁ an ULCHABHÁIN

***Samplaí ón úrscéal***

- Timpeallacht dhubhach *vs* gnáthchroíúlacht na Sicile grianmhaire
- Ní cur síos steiréitipiciúil é ar an tSicil
- Omertà *vs* Pettegolezzo – diúltaíonn daoine comhoibriú agus cabhrú leis an imscrúdú, is fearr leo gan labhairt; os a choinne sin, áfach, scríobhann siad litreacha gan ainm agus tá claonadh acu a bheith ag cúlchaint agus roinnt mhaith ráflaí a scaipeadh.
- Níl ciall ar bith ann do chúiteamh a dhéanamh mar nach ngearrtar pionós ar an té atá ciontach
- Cuireann an Stát bac leis an imscrúdú in ionad cabhrú leis
- Ciall bhréagach don cothromaíocht
- Cé go ndéanann sé iarracht, ní fhéadann an Captaen Bellodi a dhath a dhéanamh
- Is saor atá an té atá ciontach mar gheall ar omertà
- Níl meas ar an gCaptaen Bellodi –fear maith, fear ionraic é – agus, dáiríre, tá amhras ar mhuintir na háite faoi
- Tá meas ar Don Arena, ball den mhaifia agus duine éillitheach, agus, dáiríre, tá ómós ag muintir na háite dó.

**B** ***Marcovaldo***

**1.** Ba cheart a léiriú sna scéalta a roghnaítear nach i gcónaí a bhítear mar a shíltear i gcás na ndea-chomharthaí den dúlra a shamhlaíonn sé / a fheiceann sé; tá sé sin ina chúis le gníomh nach bhféadfadh ach díomá a bheith mar thoradh air.

Gearrscéalta féideartha: **Ba cheart teidil na scéalta a roghnaítear a bheith in Iodáilis.**

- ***Funghi in città*** **-** bhí ríméad agus an-iontas air nuair a d'aimsigh sé iad ach fuair sé amach nuair a bhí sé san ospidéal go bhfuil siad nimh iontu.
- ***La cura delle vespe*** - cheap sé go mbeadh sé ina leigheas nádúrtha ar an airtríteas ach chuaigh siad go léir chuig an ospidéal mar gur phrioc saithe foichí iad.
- ***Il coniglio velenoso*** **-** Ghoid Marcovaldo coinín ón tsaotharlann eolaíochta, agus é den tuairim go mbeadh sé ina dhinnéar álainn dó agus dá theaghlach. Bhí nimh sa choinín agus bhí sé tógálach. B'éigean Marcovaldo agus a theaghlach a ghlacadh isteach san ospidéal ina dhiaidh sin.
- ***Dov'è più azzurro il fiume*** **-** Ní heol do Marcovaldo gur truaillithe atá an abhainn agus na héisc
- ***Il piccione comunale*** **-** shíl sé gur creabhar a bhí ann
- ***In viaggio con le mucche*** **-** ní hé saol an fheirmeora an saol foirfe a cheap sé a bheith ann – tá sé doiligh, níl an tuarastal go maith agus níl aon am ann le taitneamh a bhaint as an dúlra.

**2.** Bíonn Marcovaldo i gcónaí ag streachailt chun soláthar a dhéanamh dá theaghlach

- Tá post ar tuarastail íseal ag Marcovaldo; déanann sé a dhícheall soláthar a dhéanamh dá theaghlach agus is é is aidhm do rud ar bith a dhéanann sé nó a fheiceann sé thart timpeall air ná cabhrú lena fhadhbanna nó iad a réiteach. Meastar gur faoiseamh dá streachailt airgeadais atá sna comharthaí go léir den dúlra: beidh *i funghi, il piccione, i pesci, il coniglio* ina ndinnéar deas dá theaghlach.
- Nuair a chnagann an bantiarna talún ar a dhoras chun fiafraí faoin *piccione*, tá eagla air go bhfiafróidh sí faoin gcíos atá dlite thar téarma.
- Níl sé d'acmhainn aige siopadóireacht a dhéanamh in ollmhargadh, ach is mian leis é a thriail chun é a bhlaiseadh; cuireann an teaghlach i gcéill go bhfuil siopadóireacht á déanamh acu mar sin de ach nuair a théann siad i dtreo an chuntair amach, cuireann siad na hearraí go léir ar ais mar a raibh siad agus imíonn siad gan rud ar bith a cheannach.
- La cura delle vespe; bhí sé ceaptha a bheith ina bhealach chun tuilleadh airgid a thuilleamh ach níor éirigh leis mar a bhí súil aige leis
- In viaggio con le mucche: Ós rud é go bhfuil teaghlach Marcovaldo ag streachailt ó thaobh airgid de, is cineál faoisimh dóibh é nuair atá sé ar shiúl ón teach go sealadach mar go bhfuil duine amháin níos lú ann ar gá soláthar a dhéanamh dó.

## ROINN C SCRÍOBH NA TEANGA 100 marc

Caighdeán SEACHAS cainníocht

Iodáilis shimplí, chruinn, mhaith

Ba chóir marcanna a bhronnadh as éagsúlacht aimsirí agus nathanna cainte, stór focal saibhir, focail chónaisc agus leaganacha cainte (Le haghaidh pointí maithe +/✓)

Maidir le C1 agus C2, nuair a thugtar 7 marc nó níos lú as ábhar agus cumarsáid, déanfar an teanga a mharcáil as 5.

Maidir le C3, nuair a thugtar 12 mharc nó níos lú as ábhar agus cumarsáid, déanfar an teanga a mharcáil as 7.

**1. Aiste a bhaineann leis an sliocht iriseoireachta** **25 marc**
Ábhar agus cumarsáid 15 mharc Teanga 10 marc

***Úsáid na tuairiscíní in Aguisín 2***

Teastaíonn réamhrá agus conclúid

- Introduzione
- Sono delle esperienze che aiutano a maturare
- Simili iniziative nella vostra scuola o nella vostra comunità
- Esperienza personale
- Conclusione

**2. Aiste faoi Threoir** **25 marc**
Ábhar agus cumarsáid 15 mharc Teanga 10 marc

***Úsáid na tuairiscíní in Aguisín 2***

Níor chóir d'iarrthóirí rud a scríobh atá foghlamtha de ghlanmheabhair acu agus nach mbaineann leis an ábhar. Ní gá na focail ná na nathanna cainte go léir atá tugtha a úsáid.

**3. Scríbhneoireacht Fhoirmiúil** **50 marc**

- Tá an tsainréim cheart teanga, agus beannacht agus deireadh cuí riachtanach chun na marcanna iomlána a bhaint amach (Teastaíonn dáta agus seoladh don litir)
- Ba chóir d'iarrthóirí phointí **ábhartha** a dhéanamh
- Ba chóir gach pointe a leathnú amach agus a fhorbairt.

**Leagan amach** **10 marc**

*Dáta*
*Seoladh*
*Beannacht*
*Foirmle don deireadh*
*Beannú deiridh*

**Beannachtaí:** Egregio Sig./ Gentile Sig. / Gentilissima Prof.ssa/ Spett.le Direzione...

**Foirmle don deireadh:** In attesa di un Suo/ Vostro cortese cenno di riposta,
Resto in attesa di un Suo/ Vostro gentile cenno di risposta
In attesa di un Suo/ Vostro cortese riscontro, resto a disposizione per chiarimenti .
Le/Vi porgo cordiali saluti/ distinti saluti

**Ábhar agus cumarsáid** **25 marc**
**Teanga:** **15 mharc**

***Úsáid na tuairiscíní in Aguisín 2***

***(a) Tá trácht le déanamh ar na pointí a leanas***

- Introduzione
- Lavoro scelto
- Qualità che ti rendono adatto per il lavoro
- Esperienza precedente
- *Periodo di disponibilità / Conoscenza delle lingue* nó aon phíosa eolais eile a bhaineann le hábhar.

***(b) Tá trácht le déanamh ar na pointí a leanas***

- Introduzione
- Insoddisfazione generale
- Motivi di insoddisfazione
  - alloggi
  - insegnanti e lezioni
  - escursioni e atttività
  - *pointe eolais ar bith eile a bhaineann le hábhar.*
- Conseguenze
- Richiesta al Direttore

## AGUISÍN 1

## ROINN B CEIST 3 AISTE (I nGAEILGE) AR THÉACS LITEARTHA DUALGAIS

**GRÁD A**

**(51 - 60 marc)**

Freagraítear an cheist ina hiomláine
Léirítear eolas an-mhaith ar an téacs ina iomláine
Déantar tagairtí cruinne don téacs mar thaca do na pointí ar fad a dhéantar
Gan ábhar neamhábhartha nó fíorbheagán de ná ní thugtar pointí an athuair

**GRÁD B**

**(42 - 50 marc)**

An chuid is mó de na pointí clúdaithe
Léirítear eolas maith ar an téacs ina iomláine
Déantar roinnt tagairtí don téacs
Roinnt ábhar neamhábhartha agus tugtar pointí an athuair roinnt

**GRÁD C**

**(33 - 41 marc)**

Ní bhíonn an freagra soiléir i gcónaí
Léirítear roinnt eolais ar an téacs ina iomláine
Déantar roinnt tagairtí don téacs, ach ní bhíonn siad soiléir nó bíonn siad míchruinn
Go leor ábhar neamhábhartha agus tugtar pointí an athuair roinnt mhaith

**GRÁD D**

**(24 - 32 marc)**

Argóinteacht dhoiléir
Roinnt eolais ar an téacs
Is beag eolas a léirítear ar an téacs ina iomláine nó ní léirítear aon eolas ar an téacs ina iomláine
Ní fhreagraítear an cheist i ndáiríre
Is beag tagairt a dhéantar don téacs
Cuid mhór ábhar neamhábhartha agus tugtar pointí an athuair cuid mhór freisin

**GRÁD E/F**

**(6 - 23 marc)**

Ní léirítear ach fíorbheagán eolais ar an téacs
Níl aon iarracht déanta an cheist a chuirtear a fhreagairt
Ní dhéantar aon tagairt don téacs
Ábhar neamhábhartha atá san ábhar go léir

# AGUISÍN 2

## ROINN C SCRÍOBH NA TEANGA

## TUAIRISCÍNÍ ÁBHAIR AGUS CUMARSÁIDE

| | Aistí | Litir |
|---|---|---|
| **GRÁD A** | **13 - 15** | **21 - 25** |

Leibhéal maith comhleanúnachais

Argóinteacht shoiléir

An tasc cumarsáide tugtha chun críche in iomlán

Raon maith stór focal

Úsáid mar is cuí as leaganacha cainte

Gan aon ábhar neamhábhartha

| | Aistí | Litir |
|---|---|---|
| **GRÁD B** | **11 - 12** | **18 - 20** |

Leibhéal réasúnta comhleanúnachais

Argóinteacht shoiléir go maith

Formhór na ngnéithe den tasc cumarsáide tugtha chun críche

Raon réasúnach stór focal

Fíorbheagán ábhar neamhábhartha

| | Aistí | Litir |
|---|---|---|
| **GRÁD C** | **8 – 10** | **14 - 17** |

Leibhéal réasúnta comhleanúnachais

Ní bhíonn an argóinteacht soiléir i gcónaí

Ní thugtar gnéithe den tasc cumarsáide chun críche i gcónaí

Easpa stór focal ag cur isteach ar an duine an tasc a thabhairt chun críche

Roinnt mhaith ábhar neamhábhartha

| | Aistí | Litir |
|---|---|---|
| **GRÁD D** | **6 – 7** | **10 - 13** |
| Is beag comhleanúnachas atá ann | | |
| Argóinteacht dhoiléir | | |
| Ar éigean a thugtar an tasc chun críche | | |
| Drochúsáid as an stór focal | | |
| Ábhar neamhábhartha den chuid is mó | | |

| | Aistí | Litir |
|---|---|---|
| **GRÁD E/F `** | **0 - 5** | **0 - 9** |
| Níl aon chomhleanúnachas ann | | |
| Argóinteacht an-trína chéile | | |
| Ní thugtar an tasc cumarsáide chun críche | | |
| Ábhar neamhábhartha atá san ábhar go léir | | |

*N.B. Baineann an chéad sraith figiúirí leis na haistí agus an dara sraith leis an litir fhoirmiúil*

**Teanga (aistí)**

| | |
|---|---|
| 7-10 | Iodáilis de réir dúchas cainte, stór focal maith, cruinneas maith gramadaí agus gan mórán botúin litrithe. |
| 4-6 | Stór focal dóthanach, roinnt briathra agus comhaontuithe míchearta, agus go leor botúin litrithe. |
| 0-3 | Raon an-teoranta stór focal, formhór na mbriathra mícheart agus go leor botúin ghramadaí |

**Teanga (litir)**

| | |
|---|---|
| 11-15 | Stór focal ceart don topaic, formhór na mbriathra ceart agus gan mórán botúin litrithe. |
| 6-10 | Stór focal dóthanach, roinnt briathra agus comhaontuithe míchearta, agus roinnt botúin litrithe. |
| 0-5 | Stór focal míchuí/neamhábhartha, formhór na mbriathra mícheart, go leor botúin litrithe. |

# AGUISÍN 3

## SCÉIM MHARCÁLA MHIONATHRAITHE

Cuirtear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- *Úsáid téipthaifeadáin ar fhorais deacrachta foghlama*
- *Úsáid téipthaifeadáin ar fhorais deacrachta coirp*
- *Úsáid próiseálaí focal ar fhorais* ***deacrachta foghlama agus sin amháin*** *(ríomhaire a bhfuil an seiceálaí litrithe agus gramadaí air / agus an seiceálaí seo ar siúl).*
- *Úsáid próiseálaí focal guth-ghníomhachtaithe*
- *Úsáid scríobhaí*
- *Tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach*

Maidir leis na hiarrthóirí sin a mbíonn tarscaoileadh bronnta orthu maidir le litriú agus le gramadach, ní ghearrfar pionóis mar gheall ar réimsí gramadaí áirithe. Agus obair na n-iarrthóirí sin á meas, cuirfear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm.

### Roinn A agus B

*An scéim mharcála chaighdeánach le feidhmiú ach ní ghearrfar aon mharcanna mar gheall ar easpa ionramhála.*

### Roinn C

*Marcálfar ábhar agus cumarsáid mar is gnáth ach ní ghearrfar pionós as litriú ná as gnéithe áirithe gramadaí, amhail foircinn bhriathra agus aontú aidiachtaí.*

# An Ardteistiméireacht, 2014

# Iodáilis

# An script don Triail Chluastuisceana

**Uno** Scarica subito la nuova app per restare sempre aggiornato sulle iniziative della Maratona di Pisa. Avrai a portata di mano un programma per aiutarti con l'allenamento e il conto alla rovescia alla data della gara. Sono anche disponibili informazioni sugli alloggi più convenenti della città e le mappe con i monumenti lungo il percorso!

**Due** Prosegue in via Cesare Battisti, nel centro di Reggio Emilia, il lavoro dei pompieri dopo l'incendio doloso scoppiato nella prima mattina all'ultimo piano di un palazzo. Il rogo, partito probabilmente dalla soffitta, non ha provocato feriti, ma ha reso necessaria l'evacuazione di oltre 30 persone.

**Tre** A San Vito Lo Capo, un weekend dedicato agli appassionati di cous cous tra sole, mare e musica. Dal 21 al 23 giugno si celebrerà il Cous Cous Fest: Festival internazionale dell'integrazione culturale. Il menù degustazioni da 10 euro include due assaggi di cous cous, un dolce siciliano e un bicchiere di vino. Invece entrata libera per concerti, lezioni di ballo e danze orientali.

**Quattro** Secondo uno studio dell'ordine degli psicologi, lo stress da lavoro è aumentato a causa della precarietà ma anche per la paura di sbagliare. La causa più comune rimane comunque il carico e le ore di lavoro. Seguono il bullismo e l'ufficio open space perché quest'ultimo impedisce di lavorare con serenità a causa di rumori e temperature troppo alte o troppo basse.

**Cinque** Meteo, arriva la prima ondata di caldo**.** A partire da domani l'Anticiclone nordafricano farà alzare le temperature sopra i 30 gradi. L'apice del calore tra martedì e mercoledì. Poi termometri in discesa da giovedì. Questo abbassamento delle temperature sarà accompagnato nel fine settimana da temporali al Nord, anche forti sulle Alpi.

**Sei** Questa settimana acquistando una copia della rivista cinematografica Celluloide, potete avere un biglietto gratis per la proiezione dell'ultimo lungometraggio di Sorrentino. Il film verrà proiettato mercoledì sera presso la cineteca di Roma. Il regista sarà presente in sala per rispondere alle domande del pubblico.

**Sette** Sono 350mila gli animali lasciati in strada ogni anno, soprattutto in estate, e in particolare a inizio agosto. La città di Bologna presenta la campagna di sensibilizzazione "Non tradire un'amicizia". Il Comune premierà il miglior video contro l'abbandono degli animali domestici. La scadenza per la presentazione dei video sarà il prossimo 31 maggio. Per informazioni consultare il sito www.comunedibologna.it

**Otto** Sei un giovane talento in business management, nuove tecnologie, comunicazione e design? Enel Lab è alla ricerca di nuove idee per il business sostenibile. Presenta un progetto innovativo sul risparmio energetico e i benefici per l'ambiente. Gli autori dei progetti più interessanti vinceranno una borsa di studio per un corso di specializzazione all'estero. Maggiori informazioni sul sito lab.enel.com.

Ciao Elena, allora hai passato gli esami per entrare a infermieristica?

Ciao Marisa, sì, finalmente, il mio sogno di diventare infermiera sta diventando realtà!

Che bello!

Mi trasferisco  a Torino già lunedì prossimo perché devo firmare il contratto d'affitto dell'appartamento e poi mercoledì cominciano le lezioni all'università.

-----------------------

E dimmi dove hai trovato casa?

Ho trovato una stanza doppia in un appartamento con altre tre ragazze. Non pago molto, solo 150 euro al mese e si trova a meno di dieci minuti in bicicletta dall'ospedale e vicino a un centro commerciale.

Ottimo!

Eh sì! Sai, durante il corso devo anche lavorare in ospedale. I turni cominciano molto presto alla mattina e purtoppo non ci sono autobus prima delle 6 e mezza!

-------------------------

E chi è la tua compagna di stanza?

Si chiama Ilaria e sembra molto tranquilla. Studia Scienze Forestali e mi ha detto che torna a casa ogni fine settimana.

Che fortuna!

Eh sì, il suo ragazzo vive ancora nel suo paese, e lei lavora ogni fine settimana come guida alpina vicino a casa sua.

---------------------

Davvero? Interessante. Ma dimmi com'è l'appartamento?

Ci sono due stanze da letto doppie, due bagni, un salotto grande con angolo cottura. Si trova in una zona residenziale molto silenziosa.

Bene!

Sai per me è importante che non ci sia traffico perché qualche volta dovrò dormire durante il giorno dopo aver lavorato di notte in ospedale!

Ah ok .Comunque,sono proprio contenta per te!

Grazie!

Ciao Lidia, allora hai preso la patente?

Non me ne parlare Paolo.....mi ha bocciata per la seconda volta!!!

No! Non ci credo! Com'è successo?

Guarda, stava andando tutto bene e poi ho sbagliato a parcheggiare la macchina. Sono cosí arrabbiata!!!

------------------------

Mi dispiace tanto! Ma quanto tempo deve passare prima che puoi ripetere l'esame?

Eh almeno sei settimane.

Ma dai! Ma da quanto tempo è che ti prepari ormai?

Beh, ho cominciato a studiare la teoria nove mesi fa e ho fatto l'esame dopo tre mesi. L'ho passato subito senza nessun problema. L'esame era corto e le domande erano abbastanza facili. Invece non riesco a superare l'esame di guida.

----------------------------

Ma hai fatto abbastanza pratica?

Veramente non tanto. Volevo fare delle guide con i miei genitori, ma non sono riuscita perché sono molto occupati al lavoro. Poi ho litigato con mia sorella perché qualche settimana fa le ho strisciato la macchina...

Anche questo hai fatto!

Eh sì, e poi la settimana dopo gliel' hanno rubata!

------------------------------

Ma non puoi chiedere ai tuoi di aiutarti di più nel fine settimana?

Sì, infatti, finalmente dalla prossima settimana mio papà sarà più libero. È appena tornato da un periodo di lavoro all'estero quidi potrò esercitarmi di più! Sai devo assolutamente prendere la patente perché ho fatto un colloquio di lavoro e ho garantito che ce l' avevo.

Dai, non preoccuparti, vedrai che andrà tutto bene. In bocca al lupo!

Crepi!

Questa sera il nostro ospite in studio è Simone Verdi, fondatore del gruppo musicale Utopie, 24 anni nato a Modena nel 1990.
Allora, Simone, raccontaci come è nata la tua passione per la musica.

In realtà, non vengo da una famiglia molto musicale. I miei genitori erano dei topi di biblioteca e adoravano leggere in silenzio. La radio e la TV erano quasi sempre spenti.

----------------------

Quanti anni avevi quando ti sei avvicinato alla musica?

A 12 anni mi è venuta la curiosità di suonare il piano, ma cominciava a piacermi sempre di più la musica moderna, così ho preso in mano prima la chitarra classica e poi quella elettrica. Qualche anno dopo ho anche cominciato a scrivere canzoni.

-------------------------

E poi?

Alle scuole superiori ho formato un gruppo con tre compagni di classe. All’inizio, ci esercitavamo nel garage del mio appartamento e avevamo pochissimi soldi per comprare le attrezzature musicali. In più, i vicini di casa si lamentavano sempre per il volume troppo alto!

--------------------------

Ma in seguito il gruppo è cambiato, vero?

Sì, due ragazzi si sono iscritti all’università e non avevano più tempo per suonare, un altro ha cominciato a lavorare, si è sposato e ha avuto un bambino. C’erano altre priorità, io invece sognavo di vivere di musica, diventare famoso .

--------------------------

E quindi come hai continuato?

Ho messo un annuncio su internet e mi hanno contattato Luca, Marco e Giovanni che ora fanno parte del gruppo. Abbiamo cominciato a suonare nei piccoli locali del centro più frequentati dai giovani.

E i tuoi genitori come l’hanno presa?

All’ inizio erano preoccupati che non continuassi gli studi e non trovassi un lavoro fisso. Adesso invece sono molto orgogliosi di me.

--------------------------------

E poi come siete diventati più conosciuti dal pubblico?

I gestori dei locali hanno visto che attiravamo molti clienti e per questo hanno cominciato a chiamarci per suonare ogni fine settimana. Così abbiamo cominciato a guadagnare un po’ di soldi per affittare uno studio di registrazione e abbiamo inciso il nostro primo album.

------------------------------

E il salto a livello nazionale?

Un famoso DJ, Linus, ci ha sentiti mentre suonavamo al festival delle musiche del mediterraneo. Gli siamo piaciuti e ha deciso di promuovere il nostro album nel suo programma radio. Ci ha anche invitati in radio per un’intervista.

-------------------------------

Complimenti! E i vostri fans chi sono?

In realtà non solo giovani, ci ascoltano anche le generazioni più mature. Il nostro stile musicale, è molto vario. Ci ispiriamo alla musica tradizionale, al rock e alle canzoni degli anni ‘60. Così accontentiamo un po’ tutti i gusti!

E di cosa parlano le vostre canzoni?

Parliamo soprattutto d’amore, d’amicizia, di viaggi ma anche di ingustizie sociali.

Fantastico! Allora i miei più cari auguri di una carriera strepitosa!

Grazie!

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán